

# Ardú Suntasach Tagaithe ar Dhaonra na Gaeltachta

## Donncha Ó hÉallaithe, GMIT

*D'eisigh an Lár Oifig Staidreamh (CSO) réamhthorthaí le gairid, a thug le fios áireamh an daonra i ngach togharoinncheantair (DED) sa stát mar a bhí oíche an daonáirimh, mí Aibreán na bliana seo 2006. D'iarr Foinse ar an léachtóir Matamaitice sa GMIT, Donncha Ó hÉallaithe, anailís a dhéanamh ar na figiúirí dona togharoinncheantair Ghaeltachta, le fáil amach céard é daonra na Gaeltachta i 2006. Fuair sé amach go bhfuil méadú suntasach tagaithe ar dhaonra na Gaeltachta ach gur sna ceantracha is lú a bhfuil Gaeilge á labhairt iontu is mó a bhfuil an daonra méadaithe.*

Do réir na réamhthorthaí ón Daonáireamh a tógadh mí Aibreán seo caite, tá daonra na Gaeltachta méadaithe le **10 mbliain anuas ó 86,039 duine go thart ar 95,700 duine**. Is ionann sin agus méadú **11%** in imeacht **10 mbliana**. Sa mbliain **2002 bhí 90,048 duine** ina gcónaí sa Ghaeltacht ach tá os cionn **5,000 curtha leis an líon sin** ó shin le méadú de **6.3%** sna **4 bliana idir 2002 agus 2006**. Ach nuair a bhreathnaítear níos géire ar na figiúirí, baineann an cuid is mó den ardú le ceantracha sa Ghaeltacht oifigiúil nach bhfuil mórán Ghaeilge á usáid iontu: an ceantar a áirítear ina Ghaeltacht i gCathair na Gaillimhe; an ceantar taobh thoir de **Loch Corrib** ar a thugtar **Achréidh na Gaillimhe**; an ceantar thart Mhaigh Chuilinn agus Bearna.

Na 5 DEDs is mó ar tháinig méadú níos mó ná 20% iontu, tá sé suntasach gur thart ar **Chathair na Gaillimhe** atá siad uilig, seachas póca beag i g**Ciarraí** ar a ghlaotar **Cnoc Bréanainn**. Is beag Gaeilge atá á labhairt iontu, mar a léiríonn an tábla thíos.

**Tábla 1. DEDs is mó ar tháinig méadú ar an Daonra iontu ó 2002 go 2006.**

	Togharoinncheantar	Daonra 2002	Daonra 2006	% Athrú sa Daonra 2002 - 06	% Cainteoirí Laethiúla Gaeilge 2002
Cathair na Gaillimhe	An Caisleán Gearr	1046	1591	52.1	11
Gaillimh	Tulach Aodhain	1062	1357	27.8	21
Gaillimh	Maigh Chuilinn	1402	1777	26.7	22
Ciarraí	Cnoc Bréanainn	133	168	26.3	36
Gaillimh	Bearna	2465	3022	22.6	25

Tá os cionn **14,000 duine** ina gcónaí taobh istigh den limistéar Gaeltachta i gcathair na Gaillimhe. Sa bhliain **1996 bhí daonra de 9,853** sa gceantar céanna cathrach agus i **2002 bhí 11,802 duine** ann. Mhéadaigh daonra an **Achréidh** ar an gcaoi céanna, ó **4,965 sa mbliain 1996 go thart ar 7,000 i 2006**. Don chéad uair tá daonra Ghaeltachta Chathair na Gaillimhe níos mó anois ná an daonra i g**Conamara Theas** – an ceantar a

shíneann óna Forbacha siar go Carna, ina bhfuil thart ar **13,000** duine ina gcónaí faoi láthair.

### Daonra na Fíorghaeltachta:

Sa tábla thíos léirítear an t-athrú daonra sna ceantair ina bhfuil an Ghaeilge láidir mar theanga pobail - **Iarthuaisceart Dhún na nGall, Iarthar Dhuibhneach, Deisceart Chonamara** agus **Oileáin Árann**. Is léir ón tábla go bhfuil daonra na Fíorghaeltachta seasamhach go maith, ag beagán os cionn **20,000** le méadú **0.6%** ó **2002**.

**Tábla 2. Athrú Daonra sna Ceantair Fíorghaeltachta**

Ceantar	Daonra 2002	Daonra 2006	Athrú sa Daonra 2002 - 2006	% Athrú sa Daonra 2002 - 2006
Ceantar na nOileán	2102	2176	74	3.5
An Cheathrú Rua	2266	2280	14	0.6
Camus/Ros Muc	983	1041	58	5.9
Cois Fharráige	3428	3629	201	5.9
Oileán Árann	1280	1218	-62	-4.8
Iarthuaisceart Thír Chonaill	6283	6279	-4	-
Iarthar Dhuibhneach	2339	2270	-69	-2.9
Iorras Aithneach	1820	1734	-86	-4.7
Iomlán	20501	20627	126	0.6%

Nóta: Sé an slat tomhais a úsáidtear san anailís seo le ceantar a áireamh mar cheantar Fíorghaeltachta ná go bhfuair ar a laghad 60% dena teaghlaigh le páistí scoile an Deontas Iomlán faoi Scéim Labhairt na Gaeilge sa scoil bhliain 2004/05

### Mar a cuireadh an Meastúchán le chéile:

Cén fáth meastúchán ar dhaonra na Gaeltachta ag an bpointe seo? Tá an limistéar ag a bhfuil aitheantas oifigiúil Ghaeltachta chomhdhéanta de **84** toghroinncheantar (DED) iomlána agus codanna de **71** togharoinncheantair eile. Nuair nach bhfuil ach cuid den DED sa Ghaeltacht ní mhór meastúchán a dhéanamh ar an daonra bunaithe at an gcéatadán de dhaonra gach DED a bhí lastaigh den Ghaeltacht i **2002**.

Mar léiriú ar an modh meastúcháin seo, tóghtar an DED i **gCo na Mí** ar a dtugtar **Rath Mór** i **gCo na Mí**, ina bhfuil **Ráth Chairn** mar chuid dhó.

Sa mbliain **2002** bhí cónaí ar **797** duine i **Rath Mór**, **395** acu taobh istigh den Ghaeltacht nó **49.56%** den daonra. Daonra de **856** a bhí ag **Rath Mór** oíche an Daonáirimh. Ag glacadh leis go bhfuil an céatadán céanna sa Ghaeltacht an oíche sin is a bhí i 2002, úsáidtear **49.56%** den daonra iomlán don DED chun meastúchán de **424** a fháil ar an daonra sa chuid sin de **Rath Mór** atá sa Ghaeltacht. D'fhéadfadh an meastúchán a bheith ró ard nó ró íseal. Ach nuair a chuirtear roinnt ceantair le chéile bheifí ag súil go mbeadh na cinn ró ard ag cealú amach na cinn a bheadh ró íseal. Ar an gcaoi sin is féidir glacadh go muiníneach leis an figiúr **95,700** mar mheastúchán réasúnta cruinn de dhaonra na Gaeltachta i 2006, le earráid thart ar **1%**.

## Cásanna Áirithe:

1. **Achréidh na Gaillimhe:** Tá daonra an cheantar tire a thimpeallaíonn **Baile Chláir na Gaillimhe**, ag méadú i gcónaí, le os cionn **7,000** duine ann anois, i gcomparáid le **5,000** deich mbliana ó shin. Ó thaobh na Gaeilge dhó, is beag sólás é sin, mar nach bhfuil mórán Gaeilge á usáid sa gceantar. Cé bhfuil os cionn 700 teaghlach sa gceantar le páistí scoile iontu, ní bhfuair anuraidh oiread is teaghlach amháin an deontas iomlán faoi **Scéim Labhairt na Gaeilge**. Spéisiúl go leor tá **Comhairle Chontae na Gaillimhe** tar éis cinneadh nach mbeidh scéimeanna tithíochta sa gceantar á shrianú a thuilleadh le coinníoll teanga.

Vótaí an cheantair seo a thogh **Val Hanley** ar **Údarás na Gaeltachta** anuraidh, ach is beag seans go bhfágfar an ceantar seo sa Ghaeltacht tar éis an aithbhreithniú ar na teorannacha, atá ar bun faoi láthair, sé sin más ar bhunús teangeolaíochta a tharraingeofar na teorannacha nua Gaeltachta.

2. **Corcha Dhuibhne:** Idir 2002 agus 2006 bhí titim 3% i ndaonra na Fíoghaeltachta taobh thiar de **Dhaingean Uí Chúis**. Bhí an titim tubaisteach i **nDún Chaoin**, laghdú **23%**, in ainneoin go leor tithe a bheith tógtha. **Dún Chaoin** an áit is mó inar thit an daonra sa Ghaeltacht. Tithe saoire is mó a bhí iontu, ar ndóigh ag brú suas praghas na suíomhanna agus deacrachtaí móra ag muintir na háite cead pleanála a fháil ina ndúthaigh féin

Bhí titim **12%** sa daonra i bhFionntáigh, ceantar atá gar don **Daingean** agus áit nach mbeifí ag súil le titim. Mhéadaigh an daonra i **Márthain (+13%)** agus i **nDún Úrlann (+7%)** – an dá DED atá gar do **Bhaile an Fheirtéirigh**. Is léir gur ionad fáis é **Baile an Fheirtéirigh**, le scéim tithíochta tógtha ag an gComhairle Chontae le roinnt blianta anuas..

Tá ráta fáis **7.6%** i **nDaingean Uí Chúis** agus méadú beag (**+1.7%**) sna **Gleannta - DED** a thimpeallaíonn an baile.

3. **Gaeltachtaí Eile Chiarraí:** Tá an daonra réasúnta seasamhach in **Uíbh Ráthach** le méadú beag de **1%** ann. Mar a chéile leis an gceantar taobh thoir den Daingean, timpeall ar **Lios Póil**, áit ar mhéadaigh an daonra thart ar **3%**.

Is i g**Ciarraí** is mó atá na ceantair DED inar tháinig laghdú níos mó ná **10%** ar an daonra iontu. [Féach Tábla 4]

4. **An Rinn:** Áit a bhfuil go leor eastáit tithíochta tógtha le blianta beaga anuas agus tá an toradh le feiceál sa méadú thar 4 bliana de bheagnach **11 %** ar an daonra ó **1,454** go thart ar **1600**. Is ábhar mór conspóide é, an líon eastáit atá tógtha sa **Rinn** agus an chontúirt atá ann don Ghaeilge mar theanga phobail sa gceantar.

5. **Gaeltacht Mhúscraí:** Méadú suntasach (**+9%**) tagaithe ar an daonra ó **3401** go thart ar **3700**.

**6. Na hOileáin Ghaeltachta:** Tá daonra na noileán Gaeltachta ag titim i gcónaí. I gCléire, bhí titim **10%** ann ó **129** go thart ar **116**. Titim **5%** a bhí ar trí **Oileáin Árann** ó **1280** go **1218**. Ní raibh an titim chomh mór sin ar **Árainn Mhóir**, ó **543** go **528**, sin titim de **3%**.

**7. Cois Fharráige - Na Forbacha go Ros a Mhíl:** Aisteach go leor tá daonra na bhForbacha titithe **3%** ó **1272** go **1236**, i gcomparáid le méadú mór de **16%** sa daonra idir **1996** agus **2002**. D'fhéadfadh míniú simplí a bheith ar an scéal. Nuair a dhéantar mionscrúdú ar chomhdhéanamh daonra na bh**Forbacha** mar a áiríodh é sa bhliain **2002**, bhí **148** duine san áireamh nach bhfuil gnáthchónaí orthu sna **Forbacha**. Ceaptar gur daoine iad san a bhí ag fanacht in **Óstán Chois Fharráige** ar an oíche a tógadh an Daonáireamh. D'fhéadfadh sé tarlú gurb shin ba chúis leis an méadú mór ar an daonra idir **1996** agus **2002** a chuir an figiúr dona **Forbacha** as riocht.

Tá méadú sa **Spidéal (+8%)** agus méadú **6%** sa gceantar siar ón **Spidéal** chomh fada le **Ros a'Mhíl**.

**8. Iorras Aithneach:** Tá 3 DED sa leithinis. Tharla laghdú suntasach daonra i 'chaon ceann acu. Síneann an DED **Abhainn Gabhla** ó **Doire Iorrais** chomh fada siar le **Loch Con Aortha**. Sa gceantar seo laghdaigh an daonra **8%** ó **341** go **314**. Síneann an DED **Scainimh** ó **Chill Chiaráin** chomh fada le **Roisín na Mainíoch** agus sa gceantar seo laghdaigh an daonra **4.5%** ó **648** go **619**. Síneann an tríú DED **An Cnoc Buidhe** ó **Charna go Glisce** le **Maighinis** san áireamh. Laghdaigh an daonra **4%** ó **831** go **801**.

**9. Ros Muc/Camus:** Le fada an lá bhí daonra **Ros Muc** ag titim. I 1991 bhí **575** duine ina gcónaí sa DED ar a ghlaotar **An Turloch**. Faoi **1996** bhí sé titithe go **545** agus sa bhliain **2002** thit sé faoi bhun **500** don chéad uair go **477**. Tá sé méadaithe arís go **552**, méadú **16%** ar thar 4 bliana. Ar an dtaobh eile den scéal bhí titim **5%** i gceantar **Camus**.

**10. Ceantar na nOileán, Conamara aghs An Cheathrú Rua:** Tá borradh beag le sonrú i g**Ceantar na nOileán** le méadú **3.5%** sa daonra ó **2102** agus **2176**. Ach an oiread le **Ros Muc**, is ceantar é seo ina raibh an daonra ag titim ann ó bunaíodh an stát. Is fiú é seo a chur i gcomparáid le méadú faoi bhun **1%** sa g**Ceathrú Rua**, áit a bhfuil neart tógála ar bun agus áit a mbeifí ag súil le ardú níos mó ná mar atá.

**11. Corr na Móna agus Dúiche Sheoighe:** Méadú **8%** sa gceantar ina iomlán. Is i g**Corr na Móna** is mó a tháinig an méadú daonra, ó **512** go **573**, ardú **12%** i gceantar iargúlta i bhfad ón gcathair.

**12. Gaeltachtaí Mhaigheo :** Seasmach go maith atá an daonra i n**Gaeltachtaí Mhaigh Eo** le ardú **3%** thart ar **Thuar Mhic Céidigh** i nDeisceart an Chontae agus ardú suntasach de **7%** i m**Béal a Mhuirthid**. Tá ceantar **Acla** titithe **3.5%** agus ceantar na h**Eachléime** titithe **3%**. Tá titim de **8.5%** i g**Ceathrú Thaidhg**, an ceantar is láidre Ghaeilge i g**Contae Mhaigheo**.

**13. Gaeltachtaí Dhún na nGall:** Bhí an daonra seasmhach go maith i mórán chuile cheantar Ghaeltachta i n**Dún na nGall**. Chaill an ceantar Fíorghaeltachta thart ar **Ghaoth Dobhair** ceathrar ar fad, nuair a thit an daonra ó **6,283** go **6,279** idir **2002**

agus 2006. Bhí méadú 8.3% i ndaonra **Ros Guill/Na Dunaibh** áit ina bhfuil go leor tithe saoire tógtha le roinnt beag blianta. Laghdú 1.2% a tharla san **Iardheisceart**, an ceantar ina bhfuil **Cill Chárthaigh, Teileann, An Charraig** agus **Gleann Colmchille**.

**Tábla 3. Athrú Daonra sna Ceantracha Breacghaeltachta**

Contae	Ceantar	Daonra 2002	Daonra 2006	Athrú sa Daonra 2002 - 2006	% Athrú Daonra 2002 - 2006
An Mhí	Rath Chairn	673	745	72	10.7
Ciarraí	Uíbh Ráthach	1753	1778	25	1.4
Ciarraí	Oirthir Dhuibhneach	1321	1364	43	3.2
Ciarraí	Ceantar an Daingin	3118	3268	150	4.8
Corcaigh	Múscraí	3401	3671	270	7.9
Corcaigh	Cléire	129	116	-13	-9.8
Dún na nGall	Anagaire	2413	2395	-18	-0.7
Dún na nGall	Oirdheisceart Dhún na nGall	2688	2656	-32	-1.2
Dún na nGall	An Falcharrach	2207	2171	-36	-1.6
Dún na nGall	Fanaid/Na Dúnaibh/Ros Guill	2382	2449	67	2.8
Dún na nGall	Árann Mór	543	528	-15	-2.8
Dún na nGall	An Ghaeltacht Lár	1457	1499	42	2.9
Gaillimh	Na Forbacha	1272	1236	-36	-2.8
Gaillimh	Ceantar Mhaigh Chuilinn	3113	3824	711	22.8
Gaillimh	An Spidéal	1253	1356	103	8.2
Gaillimh	Dúiche Sheoighe	1698	1840	142	8.4
Gaillimh	Bearna	2465	3022	557	22.6
Maigheo	Ceathrú Thaidhg agus an ceantar	1545	1536	-9	-0.6
Maigheo	Tuar Mhic Céidigh agus an ceantar	1083	1112	29	2.7
Maigheo	Eachléim	1812	1762	-50	-2.8
Maigheo	Ceantar Acla	2375	2292	-83	-3.5
Port Láirge	An Rinn	1454	1610	156	10.7

**Tábla 4 Na ceantair DED is mó a chaill daonra idir 2002 agus 2006.**

Contae	Togharoinncheantar	Daonra 2002	Daonra 2006	% Athrú sa Daonra 2002 - 2006
Ciarraí	Dún Caoin	212	163	-23.1
Maigheo	Barr Rúscaighe	134	109	-18.7
Ciarraí	Doire Fionáin	161	132	-18.1
Ciarraí	Mainistir Gaoithe	83	73	-12.0
Gaillimh	Fionntráigh	460	405	-12.0
Dún na nGall	Cró Caorach	135	119	-11.9
Dún na nGall	Inis Caol	117	104	-11.1
Ciarraí	An Baile Dubh	137	122	-10.9
Dún na nGall	Cró Beithe	179	161	-10.1

**Conclúid:**

Ar an gcaoi céanna is atá daonra na tíre ag méadú le **10** mbliain anuas, tá daonra na Gaeltachta ag méadú chomh maith ach níl méadú cothrom ann ach a mhalairt. Is sna ceantacha uirbeacha is mó atá an méadú le sonrú, ceantacha nach bhfuil sa Ghuaeltacht ach trí thimpist tíreolaíochta seachas ar bhonn teangeolaíochta. Tá laghdú tagaithe ar chuid dena ceantacha is láidre ina bhfuil an Ghaeilge á usáid – **Dún Chaoin** i gCorcha Dhuibhne, **Iorras Aithneach** i gConamara Theas agus **Oileáin Árann**.

An bhfuil sé in am smaoinemh ar bealaí le cainteoirí dúchais Gaeilge a mhealladh le fanacht sna ceantacha sin, tré deontais níos mó tithíochta a íoc agus tré scéim faoiseamh cánach speisialta a chur ar bun iontu. Má chuirtear scéimeanna ar bun nach bhfuil teanga bunaithe tá an baol ann go meallfar breis daoine gan Ghaeilge líofa isteach sna ceantacha seo, rud a lagódh an Ghaeilge sa phobal agus a chuirfeadh leis an mbrú ar an nGaeilge iontu agus a dhéanfadh ceantacha aontheangacha astu sa bhfadthearma.

**Críoch.**